**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1990 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20 Deireadh Fómhair 2022**

**lena gcealaítear formheas toiliolfluainíde mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 7 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a úsáid agus a chur ar fáil ar an margadh ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1087 ón gCoimisiún ([2]), formheasadh toiliolfluainíd mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 7, leasaithigh sceo, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, faoi réir comhlíonadh coinníollacha áirithe ("an formheas").

(2) An 2 Márta 2020, d'iarr an Danmhairg ar an gCoimisiún athbhreithniú a thionscnamh ar an bhformheas de bhun Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ar bhonn tásca suntasacha go n-eascraíonn údair shuntasacha imní as úsáid na substainte gníomhaí i dtáirgí bithicídeacha nó in earraí cóireáilte maidir le sábháilteacht na dtáirgí bithicídeacha nó na n-earraí cóireáilte sin. Ar bhealach níos mionsonraithe, aimsíodh an mheitibilít toiliolfluainíd, démheitilsulfaimíd i líon mór soláthar uisce óil na Danmhairge, is féidir na héillithe sin a nascadh le húsáid péinteanna a cóireáladh le toiliolfluainíd. Sa chás ina ndéantar ózónú ar screamhuisce i gcóireáil uisce chun uisce óil a tháirgeadh, d'fhéadfadh démheitilsulfaimíd iompú ina níotrasóidimheitiolaimín, substaint atá géineatocsaineach, só-ghineach agus carcanaigineach. Dá bhrí sin, d'iarr an Danmhairg go ndéanfaí athbhreithniú ar mheastóireacht na measúnaithe riosca screamhuisce maidir le toiliolfluainíd do chineál táirge 7, d'fhonn úsáid toiliolfluainíde i bpéinteanna allamuigh a cóireáladh le toiliolfluainíd a shrianadh.

(3) An 5 Iúil 2021, d'fhógair an Coimisiún don iarratasóir tosaigh ar fhormheas toiliolfluainíde go raibh sé beartaithe aige tús a chur le nós imeachta maidir le formheas na substainte gníomhaí sin do chineál táirge 7 i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, agus thug sé deis don iarratasóir tosaigh a bharúlacha a chur in iúl. Thairis sin, chuir an Coimisiún in iúl go poiblí ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Shláinte agus Sábháilteacht Bia go raibh sé i mbun an athbhreithnithe sin, i gcomhréir le Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(4) An 7 Deireadh Fómhair 2021, thug an t-iarratasóir tosaigh ar fhormheas toiliolfluainíde le fios gur éirigh sé as táirgeadh na substainte gníomhaí agus as táirgí bithicídeacha ina bhfuil an tsubstaint gníomhach a chur ar an margadh, agus nach mbeidh sé ag iarraidh go n-athnuafar formheas na substainte. Is é an t-iarratasóir tosaigh ar fhormheas toiliolfluainíde an t-aon soláthróir substainte de réir bhrí Airteagal 95(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, a áirítear sa liosta dá dtagraítear san fhomhír sin, na substainte gníomhaí agus an chineáil táirge sin, a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán. Thairis sin, níl aon táirge bithicídeach a bhfuil toiliolfluainíd do chineál táirge 7 ann údaraithe san Aontas.

(5) Ós rud é nach bhfuil aon soláthróir eile na substainte ann, nach bhfuil aon táirge bithicídeach a bhfuil toiliolfluainíd do chineál táirge 7 ann údaraithe san Aontas agus nach mbeidh an t-iarratasóir tosaigh ag iarraidh go n-athnuafar formheas na substainte, ní dheachaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán de bhun Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1087 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2016 lena bhformheastar toiliolfluainíd mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 7 (IO L 180, 6.7.2016, lch. 18).

(6) Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, measann an Coimisiún go n-eascraíonn údair shuntasacha imní as úsáid toiliolfluainíde i dtáirgí bithicídeacha agus in earraí cóireáilte maidir le sábháilteacht na dtáirgí bithicídeacha agus na n-earraí cóireáilte sin. Ós rud é nach bhfuil aon soláthróirí eile na substainte ann, nach bhfuil aon táirge bithicídeach a bhfuil toiliolfluainíd do chineál táirge 7 ann údaraithe san Aontas agus nach mbeidh an t-iarratasóir tosaigh ag iarraidh go n-athnuafar formheas na substainte, measann an Coimisiún gurb iomchuí formheas toiliolfluainíde mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 7 a chur ar ceal.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1087 a aisghairm.

(8) Toisc go mbeidh roinnt ama ag teastáil ag oibreoirí eacnamaíocha chun iad féin a chur in oiriúint do chealú an fhormheasa, ba cheart a cheadú go leanfar le hearraí cóireáilte a cóireáladh le toiliolfluainíd nó a bhfuil toiliolfluainíd iontu do chineál táirge 7 a chur ar mhargadh an Aontais go ceann tamaill.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cealaítear formheas toiliolfluainíde mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 7.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1087 le héifeacht ón 10 Samhain 2022.

*Airteagal 3*

Ní chuirfear earraí cóireáilte a cóireáladh le toiliolfluainíd nó a bhfuil toiliolfluainíd iontu do chineál táirge 7 ar mhargadh an Aontais ón 10 Bealtaine 2023.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN